



NUACHTLITIR IÚIL 2015

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí cruinniú cinn bhliana ar siúl in oifigí an chomharchumainn 21 Bealtaine agus d'éirigh go maith leis. Tá buíochas mór ag dul do Chathal a bhí mar rúnaí ar choiste an chomharchumainn ach atá éirithe as anois. Tá fáilte roimh bhaill nua ar choiste an chomharchumainn i gcónaí.

Céibh Inis Oírr

Faoi láthair tá an comharchumann ag cuir go leor brú ar airí agus ar pholaiteoirí faoi fhorbairt na céibhe. Bhí an Cathaoirleach agus an bainisteoir ag dhá chruinniú leis an Aire Brendan Howlin T.D. le deireannas. Bhí an dá chruinniú dearfach agus gheall an tAire Howlin go labhródh sé leis an Aire Comhshaoil Alan Kelly faoi thogra na céibhe.

Sconsa ag an Aerstráice

De réir innealtóir na Roinne tá comhlacht nua roghnaithe anois le caoi a chur ar an sconsa ag an aerstráice. Nuair a bheidh an obair seo déanta beidh spás siúlóide ó thuaidh den aerstráice.

Cúrsa Garchabhair

Is féidir linn cúrsa i ngarchabhair a eagrú in oifigí an chomharchumainn ag braith ar éileamh. Is cúrsa fíor thábhachtach é seo a mhúineann athbheochan chardascamhógach (CPR), úsáid dífhibrileora, conas déileáil le gortaithe, srl. Déan teagmháil le hoifigí an chomharchumainn má tá suim agat anseo.

Cúrsa Sábháilteachta Snámha

Beidh an cúrsa sábháilteachta snámha ar siúl i mbliana ó **27 Iúil-31 Iúil 2015.** Má tá suim agat an cúrsa seo a dhéanamh fág d'ainm agus do dháta breithe in oifig an chomharchumainn le do thoil.

Campa Samhraidh Cúlcamp

Tá Kellogg's Cúl Camp ar siúl in Inis Oírr i mbliana ón 4 Lúnasa go dtí 8 Lúnasa. Tá an campa seo oscailte do chailíní agus do bhuachaillí ó aois 6 bliana ar aghaidh. Is féidir áit a chur in áirithe ar an suíomh idir lín www.kellogsculcamps.gaa.ie

Cúrsa i bhFilleadú Éisc

Má tá suim ag aon duine cúrsa 2 lá a dhéanamh i bhfillleadú éisc fág d'ainm in oifig an chomharchumainn le do thoil. Tá súil againn an cúrsa seo a reáchtáil ar an oileán ag braith ar éileamh. Bheadh deichniúr ar a laghad ag teastáil leis an gcúrsa seo a reáchtáil. Bheadh an cúrsa seo saor in aisce do dhaoine atá ag fáil íocaíochta ón Roinn Leasa Shóisialaigh.

FLAG Fisheries Local Action Group

Tá deontas de €20,000 faighte ó FLAG chun obair chothabhála a dhéanamh ar Theach an Bháid. Cuireadh doirse agus fuinneoga nua isteach cheana féin le deontas ó FLAG. Beidh an Garda Cóstá lonnaithe sa bhfoirgneamh nuair a bheidh sé críochnaithe chomh maith le seomra traenála agus músaem muirí. Tá buíochas le glacadh le foireann an Gharda Cóstá atá ag tabhairt cúnamh leis na hoibreacha seo.

Athchúrsáil Árann

Tá iarratas ar chead pleanála déanta ag Athchúrsáil Árann d'ionad athchúrsála a thógáil ó thuaidh den chomharchumann.

Polathollán

Fuair Comhar Caomhán deontas ó FLAG don polathollán atá suite in aice Choláiste Ghobnait. Beidh taighde á dhéanamh inti ar úsáid feamainne mar leasú.

Scéim Sóisialta Tuaithe

Tá folúntas amháin ar an Scéim SST don bhliain 2015-2016.

Ní mór d'iarratasóirí Ceadúnas Iascaireacht / Uimhir Tréada a bheith acu, nó a úsáid, agus a bheith ag fáil Íocaíocht Leasa Shóisialaigh chun cur isteach ar an bhfolúntas.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Comhar na nOileán chun níos mó eolais nó foirm iarratais a fháil. Foirm Iarratais le líonadh agus a chur ar ais roimh **31 Iúil 2015**.

Suirbhé ar Chúrsaí Oideachais

Tá moltaí curtha le chéile ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaobh soláthar oideachais i limistéir Ghaeltachta. Tá cuireadh á thabhairt anois do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa nGaeltacht agus spéis acu san ábhar páirt a ghlacadh i suirbhé. Teastaíonn tuairimí an phobail go ginearálta uathu chomh maith le tuairimí na scoileanna agus na dtuismitheoirí. Is féidir moltaí na Roinne agus an suirbhé féin a fháil ar www.education.ie. Is féidir cóipeanna crua den suirbhé a fháil anseo san oifig freisin.

Eolas Ó Fhochoistí/Ghrúpaí

Staidéar Píolótach in Úsáid Uisce

Tá Uisce Éireann sásta staidéar píolótach faoi bhealaí le uisce a shábháil a reáchtáil ar an oileán. Tá Uisce Éireann le scríobh chuig na 25 teach is mó a úsáideann uisce, ag tabhairt cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa staidéar. Beidh siad sásta córas níos éifeachtaí a insealbhú sna tithe seo gan aon chostais don teaghlach. Tá sé mar aidhm acu 10% d'úsáid uisce a shábháil trí na modhanna nua seo a úsáid. Má éiríonn leo tógfaidh siad tithe an oileáin ar fad san áireamh.

Tá Uisce Éireann ag tabhairt uisce isteach ón mórthír faoi láthair agus deirtear linn nach mbeidh aon chiorruithe uisce le cur i bhfeidhm an Samhraidh seo. Tá an t-uisce seo caighdeánach agus ní gá é a chuir thríd an gcóras nua. Iarrtar ar dhaoine a bheith an-chúramach le úsáid an uisce mar sin féin.

Staidéar Phd. Ar Chúrsaí Fuinnimh - GMIT/Ollscoil na hÉireann Gaillimh

Tá Eimear Heaslip i mbun staidéir ar úsáid fuinnimh in Inis Oírr. Tá sí ag fiosrú faoi na bealaí a fhoghlaimíonn muid faoi úsáid fuinnimh. agus na bealaí difriúla a n-úsáidtear fuinneamh.

Tá Eimear ag lorg daoine le plean d'fhuinneamh inbhuanaithe a chur le chéile do Inis Oírr. Beidh grúpdhíospóireacht beag i gceist agus agallaimh ar dhaoine aonair le iniúchóireacht fuinnimh tí. (*house energy audit*). Bheadh sí fíorbhuíoch ach cabhrú léi ina cuid staidéir.